AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.4.2021
COM(2021) 178 final

2021/0095 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) i ndáil le modhnuithe a ghlacadh ar na STAnna maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, ar na STAnna maidir le rothstoc – vaigíní lastais, ar na STAnna maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus i ndáil leis na STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, agus i ndáil leis na STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais, agus i ndáil leis na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na STAnna maidir le FTL a thabhairt cothrom le dáta, agus i ndáil le hathbhreithniú ar ATMF i dtaca le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Beidh an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar siúl i mBeirn an 22 Meitheamh 2021. I glár oibre an chruinnithe áirítear an méid seo a leanas:

– Togra le haghaidh na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (STAnna) maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí a mhodhnú;

– Togra le haghaidh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc – vaigíní lastais a mhodhnú;

– Togra le haghaidh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a mhodhnú;

– Togra le haghaidh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh a ghlacadh;

– Togra le haghaidh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais a ghlacadh;

– Togra le haghaidh Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid (ATMF) maidir le hEintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram (ECCanna) a athbhreithniú;

– Togra le haghaidh na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht (STInna) maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta (FTL), a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta, a thabhairt cothrom le dáta.

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na cinntí thuasluaite atá le glacadh ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla, is gá é a bhunú le Cinneadh ón gComhairle de bhun Airteagal 218 (9) CFAE.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF)

An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), is comhaontú idirnáisiúnta é inar Páirtithe Conarthacha iad an tAontas agus 25 Bhallstát (is iad an Chipir agus Málta amháin nach bhfuil ina bPáirtithe Conarthacha).

D'aontaigh an tAontas Eorpach do COTIF le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011[1]. Is le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh sin a leagtar síos na socruithe inmheánacha le haghaidh na Comhairle, na mBallstát agus an Choimisiúin maidir le himeachtaí OTIF. De réir phointe 3.1 den Iarscríbhinn III sin, i gcás ina bhfuil baint ag mír ar an gclár oibre le hábhair a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith, is é an Coimisiún a vótálfaidh thar ceann an Aontais.

[1] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1)

De réir Airteagal 2(1) de COTIF, is é is aidhm do OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú, ar gach bealach, go háirithe trí chórais a chruthú ina mbeidh dlí aonfhoirmeach i réimsí éagsúla an dlí a bhaineann leis an trácht idirnáisiúnta d'iarnród. Chomh maith leis sin, le COTIF rialaítear feidhmiú na hEagraíochta agus cuspóirí, saintréithe agus caidreamh na hEagraíochta leis na Stáit Chonarthacha mar aon lena cuid gníomhaíochtaí go ginearálta.

Dá bhrí sin, déileálann COTIF le reachtaíocht iarnróid maidir le roinnt ábhar dlíthiúil teicniúil a roinntear ina dhá chuid: an Coinbhinsiún féin lena rialaítear feidhmiú OTIF, agus na hocht bhFoscríbhinn lena mbunaítear dlí iarnróid aonfhoirmeach:

– Foscríbhinn A – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród **(CIV)**

– Foscríbhinn B – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród (**CIM)**

– Foscríbhinn C – Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród **(RID**)

– Foscríbhinn D – An Conradh maidir le húsáid feithiclí i dtrácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUV)**

– Foscríbhinn E – an Conradh maidir le húsáid an bhonneagair i dtrácht iarnróid idirnáisiúnta (**CUI)**

– Foscríbhinn F – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid a bheartaítear a úsáid i dTrácht Idirnáisiúnta (**RA APTU)**

– Foscríbhinn G – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear i dTrácht Idirnáisiúnta **(RA ATMF)**

– Foscríbhinn H – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le hoibriú sábháilte traenacha i dtrácht idirnáisiúnta (**RA EST**)

Bunaithe ar Fhoscríbhinn F agus Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF, tá 12 Shaintreoir Theicniúil Aonfhoirmeach (STAnna) ann maidir leis an idir-inoibritheacht theicniúil. Is ionann cuspóir do Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha sa chreat COTIF agus do shonraíochtaí teicniúla an Aontais don idir-inoibritheacht (STInna) maidir leis an gcead isteach sa trácht idirnáisiúnta.

42 Stát as na 47 Stát atá ina bPáirtithe in COTIF, lena n-áirítear 25 Bhallstát an Aontais a luadh cheana, cuireann siad Foscríbhinní F agus G i bhfeidhm.

2.2. Coiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) OTIF

Bunaítear an Coiste Saineolaithe Teicniúla le hAirteagal 13 (1) (f) de COTIF. Is éard atá ann Ballstáit OTIF a chuireann Foscríbhinní F agus G (APTU, ATMF) a ghabhann le COTIF i bhfeidhm.

Tá an inniúlacht ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla maidir le cúrsaí idir-inoibritheachta agus cúrsaí an chomhchuibhithe theicniúil sa réimse iarnróid agus sna nósanna imeachta formheasa teicniúla. Forbraíonn sé Foscríbhinní APTU agus ATMF agus a Rialacha Aonfhoirmeacha, a bhfuil feidhm acu maidir le hábhar iarnróid a bheartaítear a úsáid i dtrácht idirnáisiúnta, a bhaineann go sonrach leis an méid seo a leanas:

- saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh le haghaidh feithiclí agus bonneagair agus bhailíochtú na gcaighdeán;

- nósanna imeachta maidir le measúnú ar chomhréireacht feithiclí;
- forálacha maidir le cothabháil feithiclí;
- freagrachtaí maidir le comhdhéanamh traenach agus úsáid shábháilte feithiclí;
- forálacha maidir le meastóireacht agus measúnú riosca;
- sonraíochtaí i gcomhair clár.

Is é (WG TECH) buanmheitheal an Choiste Saineolaithe Teicniúla faoi láthair atá freagrach as cinntí an Choiste Saineolaithe Teicniúla a ullmhú.

De bhun Airteagal 20(1) (b) de COTIF agus i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Fhoscríbhinn F (APTU), tá an inniúlacht ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla maidir le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a ghlacadh nó a leasú. I gcomhréir le hAirteagal 15 (2) de ATMF, tá an inniúlacht ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla maidir le leasuithe ar ATMF a mholadh i dtaca le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna).

2.3. Glacadh gníomhartha ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla

De réir Airteagal 6 de APTU, déanfaidh an Coiste Saineolaithe Teicniúla cinneadh maidir le Saintreoracha Teicniúil Aonfhoirmeacha, nó foráil lena leasaítear iad, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 16, 20 agus 33 *§* 6 den Choinbhinsiún. D'fhéadfadh sé go dtógfadh an gnáthphróiseas glactha Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha suas le bliain go leith.

2.4. Na gníomhartha atá beartaithe a ghlacadh ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla le linn sheisiúin an 22 Meitheamh 2021

2.4.1. Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí a mhodhnú, Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc vaigíní lastais a mhodhnú agus Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a mhodhnú

Is éard atá i Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (STAnna) OTIF, sraith sonraíochtaí teicniúla le haghaidh tógáil agus oibriú ábhar iarnróid, sonraíochtaí a dhíorthaítear ó phrionsabail, cuspóirí agus nósanna imeachta COTIF agus arb é is príomhchuspóir dóibh an t-uasmhéid idir-inoibritheachta a bhaint amach. Is ionann cuspóir do Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha in OTIF agus do shonraíochtaí teicniúla an Aontais maidir leis an idir-inoibritheacht (STInna).

Maidir le feithiclí a údaraítear i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus feithiclí a ligtear isteach in oibríocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 3a de ATMF, chun coibhéis eatarthu a áirithiú, is gá go leanfaidh Sonraíochtaí Teicniúla an Aontais Eorpaigh don Idir-Inoibritheacht de bheith ailínithe le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha COTIF.

Áiritheofar leis na modhnuithe atá beartaithe a ghlacadh ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla go mbeidh coibhéis iomlán ann mar a shainmhínítear le ATMF, idir an tAontas Eorpach agus forálacha COTIF.

- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí (LOC&PAS)

Sonraíocht atá sna Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha sin lena dtugtar aghaidh ar fhochóras ar leith chun na bunriachtanais a chomhlíonadh agus chun idir-inoibritheacht na gcóras teicniúil agus na gcomhpháirteanna is gá i dtrácht idirnáisiúnta iarnróid a áirithiú. Forbraíodh na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le LOC&PAS atá ann faoi

láthair ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún Eorpach (STI maidir le LOC&PAS)[2].

Is é is aidhm don togra seo Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le LOC&PAS a modhnú chun na heilimintí nua a d'eascair as an athbhreithniú ar Rialacha Aonfhoirmeacha APTU an 1 Márta 2019 a ionchorprú agus chun Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le LOC&PAS a choinneáil ailínithe leis na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht maidir le LOC&PAS arna leasú ag an Aontas an 16 Bealtaine 2019 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 ón gCoimisiún[3] agus an 9 Márta 2020 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún[4].

Chun aitheantas frithpháirteach leanúnach feithiclí údaraithe i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh a áirithiú mar aon le feithiclí a dtugtar cead isteach dóibh in oibríocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 3a de ATMF, is gá go leanfaidh STInna an Aontais Eorpaigh de bheith ailínithe le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha COTIF.

Ina theannta sin, i ndiaidh imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, ba cheart na cásanna sonracha maidir le líonra na Breataine Móire i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a liostú sna Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha mar thoradh ar iad a dhíothú sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar leasú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc inneall féinghluaiste agus paisinéirí faoi mar a mhol OTIF.

- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc – vaigíní lastais (STAnna maidir le WAG)

Leagtar síos le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le vaigíní lastais na ceanglais maidir le feithiclí atá deartha chun leoraithe a iompar. Faoi láthair tá siad coibhéiseach le STInna maidir le WAG arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 2019/776 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019.

Is é is aidhm don togra seo Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le WAG a modhnú chun na heilimintí nua a d'eascair as an athbhreithniú ar Rialacha Aonfhoirmeacha APTU an 1 Márta 2019 a ionchorprú agus chun é a choinneáil ailínithe le forbairtí dlí san Aontas Eorpach.

D'fhoilsigh an tAontas Eorpach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020, lenar leasaíodh STInna maidir le WAG. Mar thoradh air sin, is gá na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le WAG a mhodhnú arís chun coibhéis leanúnach idir na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha agus na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht a áirithiú.

Ina theannta sin, i ndiaidh imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, ba cheart na cásanna sonracha maidir le líonra na Breataine Móire i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc — innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 228)

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE i dtaca le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 108)

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1302/2014 agus (AE) 2016/919 i dtaca leis an limistéar úsáide a leathnú agus leis na céimeanna aistrithe (IO L 73, 10.3.2020, lch. 6)

agus Thuaisceart Éireann a liostú sna Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha mar thoradh ar iad a dhíothú sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar leasú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le Vaigíní Earraí faoi mar a mhol OTIF.

- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a bhaineann le daoine faoi mhíchumas (STAnna maidir le PRM)

Le STAnna maidir le PRM leagtar síos ceanglais chomhchuibhithe maidir le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ceanglais is infheidhme maidir le feithiclí a úsáidtear i dtrácht idirnáisiúnta. Forbraíodh na STAnna maidir le PRM atá ann faoi láthair ar bhonn STInna maidir le PRM an Aontais Eorpaigh 2014.

Leasaíodh na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht sin de chuid an Aontais sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún[5] an 16 Bealtaine 2019 a mhéid a bhaineann le fardal na sócmhainní d'fhonn bacainní ar inrochtaineacht a shainaithint, faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht.

Chun aitheantas frithpháirteach leanúnach feithiclí údaraithe i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh a áirithiú mar aon le feithiclí a dtugtar cead isteach dóibh in oibríocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 3a de ATMF, is gá go leanfaidh Sonraíochtaí Teicniúla an Aontais Eorpaigh don Idir-Inoibritheacht de bheith ailínithe le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha COTIF.

Leis na modhnuithe atá beartaithe déanfar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le PRM a ailíniú leis an leagan is déanaí de na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht agus áiritheofar leo go mbeidh rialacha PRM le haghaidh feithiclí a úsáidtear i dtrácht idirnáisiúnta d'iarnród, coibhéiseach go hiomlán de réir bhrí ATMF.

Ina theannta sin, i ndiaidh imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, ba cheart na cásanna sonracha maidir le líonra na Breataine Móire i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a liostú sna Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha mar thoradh ar iad a dhíothú sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar leasú ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le PRM faoi mar a mhol OTIF.

2.4.2. Glacadh na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, agus bonneagar fochórais

- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha oiriúnachta bealaigh (STAnna maidir le TCRC)

Leagtar síos leis na STAnna seo forálacha mionsonraithe maidir leis na freagrachtaí atá ar ghnóthais iarnróid i leith comhdhéanamh traenacha atá le húsáid i dtrácht idirnáisiúnta agus maidir leis na freagrachtaí ar bhainisteoirí bonneagair i dtaca le comhoiriúnacht idir na traenacha agus na bealaí ar a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid.

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 i dtaca le fardal na sócmhainní d'fhonn bacainní ar inrochtaineacht a shainaithint, faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 1)

Cuimsítear sna STAnna maidir le TCRC atá beartaithe líon áirithe paraiméadar ó dhá théacs dhlíthiúla éagsúla de chuid an Aontais, is iad sin na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheachta a bhaineann le hoibriú agus bainistiú tráchta (STInna maidir le OPE) agus na sonraíochtaí don chlár bonneagair (RINF).

Sna STAnna maidir le WAG agus sna STAnna maidir le LOC&PAS tá tagairtí do sheiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, is é sin seiceálacha a dhéanann gnóthais iarnróid ar pharaiméadair ábhartha feithiclí nó traenacha chun a n-oiriúnacht leis an mbealach ar a n-úsáidfear iad a áirithiú. Tá forálacha na STAnna maidir le TCRC atá beartaithe ceaptha lena gcur ina ionad Fhoscríbhinn I a ghabhann le STAnna maidir le WAG agus Fhoscríbhinn K a ghabhann leis na STAnna maidir le LOC&PAS.

Dá bhrí sin, Foscríbhinn I a ghabhann leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le WAG sa leagan a ghlac an Coiste Saineolaithe Teicniúla an 30 Meán Fómhair 2020 agus atá le teacht i bhfeidhm an 1 Aibreán 2021, agus Foscríbhinn K a ghabhann leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le LOC&PAS an 1 Eanáir 2015, ba cheart iad a aisghairm ar theacht i bhfeidhm do Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le TCRC.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le TCRC a ghlacadh faoi mar a mhol OTIF.

- Na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais (Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le INF)

Leagtar amach sna Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha sin paraiméadair an bhonneagair iarnróid is ábhartha maidir le comhoiriúnacht le feithiclí agus modhanna sonracha chun na paraiméadair sin a sheiceáil.

Rinne an Coiste Saineolaithe Teicniúla mionanailís ar an mbunús dlí agus rinne sé bunphrionsabail agus aidhmeanna chun na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir leis an mbonneagar fochórais a fhorbairt.

Dréachtaíodh na STAnna maidir le INF i bhfianaise thuairim WG TECH, agus tá sé bunaithe ar na STInna maidir le INF mar a leasaíodh iad go deireanach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir leis an mbonneagar fochórais a ghlacadh faoi mar a mhol OTIF.

2.4.3. Athbhreithniú ar ATMF i dtaca le hEintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram (ECCanna).

Chun a áirithiú go leanfar de choibhéis rialacha an Aontais Eorpaigh agus rialacha COTIF, mar a shainmhínítear coibhéis in Airteagal 3a *§* 5 ATMF, ba cheart rialacha COTIF a mhodhnú.

Is é is príomhchuspóir don téacs nua raon feidhme an deimhniúcháin, a bhí teoranta do dheimhniú Eintiteas a bhfuil cothabháil faoina chúram le haghaidh vaigíní lastais, a leathnú amach chun gach cineál feithicle a chumhdach.

Mar thoradh air sin, agus gan beann ar an deimhniúchán a bheith éigeantach le haghaidh ECCanna áirithe, ní mór do gach ECC, lena n-áirítear eintiteas nach bhfuil deimhnithe ag comhlachtaí deimhniúcháin seachtracha, na ceanglais agus na critéir ghinearálta a chomhlíonadh agus na híosleibhéil chothabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn II a gabhann leis an togra maidir le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a áirithiú.

I Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF (Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF agus dá ngairtear ATMF feasta) leagtar amach rialacha ginearálta maidir le heintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram (ECCanna).

Go hachomair, tá dhá chúis ann chun na téacsanna atá ann faoi láthair a mhodhnú:

– Tá an raon feidhme deimhniúcháin ECCanna in Iarscríbhinn A nua a ghabhann le ATMF níos leithne ná vaigíní lasta. Ba cheart é sin a léiriú, go háirithe in Airteagal 15 de ATMF, lena dtugtar sainordú faoi láthair do dheimhniú ECCanna le haghaidh vaigíní lasta amháin.

– In Airteagal 3a de ATMF déantar tagairt do reachtaíocht an Aontais nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh (rinneadh Treoir 2004/49/CE[6] a aisghairm agus cuireadh Treoir (AE) 2016/798[7] ina hionad).

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar athbhreithniú iomlán ar shonraíochtaí na nEintiteas a bhfuil cothabháil faoina gcúram (ECCanna) faoi mar a mhol OTIF.

2.4.4. Na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na STAnna maidir le FTL a thabhairt cothrom le dáta

Déantar tagairt sna STAnna maidir le FTL do dhoiciméid theicniúla sna STInna maidir le FTL[8] a fhoilsítear agus a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta ar shuíomh gréasáin Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA). Cuireadh an tagairt sin sna STAnna ionas go gcumhdaítear na forálacha maidir le teicneolaíocht faisnéise le COTIF, ach go mbainistítear le ERA iad. Ós follasach é gur modhnú é ar na STAnna maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta an modhnú ar na tagairtí sin, ní mór é a bheith faoi réir cinneadh ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla i gcomhréir le hAirteagal 20 *§* 1 b) COTIF agus le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 8a APTU.

Mar thoradh air sin, is gá modhnuithe a dhéanamh ar na doiciméid theicniúla dá dtagraítear i bhFoscríbhinn I de na STAnna maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta chun earráidí a cheartú, aiseolas a chur san áireamh, coinneáil suas le dul chun cinn teicniúil agus coibhéis a choimeád leis na sonraíochtaí a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

Conclúid: féadfaidh an tAontas Eorpach vótáil i bhfabhar an togra le haghaidh na tagairtí do dhoiciméid theicniúla sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta a thabhairt cothrom le dáta faoi mar a mhol OTIF.

2.5. Inniúlacht an Aontais agus cearta vótála

De bhun Airteagal 6 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le COTIF a fhormheas trí Chinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011:

---

6 Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus muirir ar úsáid bonneagair agus ar dheimhniúchán sábháilteachta a ghearradh (Treoir maidir leis an tSábháilteacht Iarnróid)

7 Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis an tsábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102)

8 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/778 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 i dtaca le Bainistiú Rialaithe Athruithe (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 356)

‘1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leo, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún.

2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair a roinneann an tAontas a inniúlacht maidir leo lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.

3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7 den Choinbhinsiún, beidh an líon céanna vótaí ag an Aontas agus a bheidh ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh a Bhallstáit.’

Faoi dhlí an Aontais, tá inniúlacht eisiach faighte ag an Aontas i gcúrsaí iompair d’iarnród i gcás ina mbíonn tionchar ag COTIF, nó na hionstraimí dlíthiúla arna nglacadh dá bhun, ar raon feidhme rialacha an Aontais atá ann cheana nó ina ndéanann siad athrú ar an raon feidhme sin.

Tá an méid seo a leanas de chuspóir ag na cinntí atá beartaithe:

- Na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí agus na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc – vaigín lastais a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún[9],
- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún[10],
- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha nua a ghlacadh is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún[11],
- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha nua a ghlacadh is infheidhme maidir le bonneagar an fhochórais i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1299/2014 ón gCoimisiún[12] arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 ón gCoimisiún[13],

---

9 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1302/2014 agus (AE) 2016/919 i dtaca leis an limistéar úsáide a leathnú agus leis na céimeanna aistrithe (IO L 73, 10.3.2020, lch. 6)

10 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 i dtaca le fardal na sócmhainní d’fhonn bacainní ar inrochtaineacht a shainaithint, faisnéis a chur ar fáil d’úsáideoirí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 1)

11 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 5)

12 Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras ‘bonneagair’ chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 1)

13 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE i dtaca le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 108)

- athbhreithniú ar ATMF a mholadh do choiste athbhreithnithe OTIF i dtaca le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna) lena ailíniú le Treoir (AE) 2016/798[14],
- na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna Sonraíochtaí Teicniúla maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta a ailíniú[15].

Is léir go ndéanfar difear do rialacha an Aontais leis na cinntí sin a ghlacadh.

Déanfaidh an tAontas na cearta vótála a fheidhmiú i ndáil le glacadh na gcinntí sin agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh ionadaíocht thar a cheann.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Mar gheall ar na cúiseanna uile thuasluaite, ba cheart don Aontas vótáil ina bhfabhar.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE, bíodh an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[16].

Cuimsíonn an coincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Cuimsíonn sé freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[17].

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Na gníomhartha a iarrtar ar an gCoiste Saineolaithe Teicniúla a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Tá éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha atá beartaithe toisc go ndéanfaidh siad modhnú ar chreat dlíthiúil OTIF trí Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha COTIF a ailíniú le Sonraíochtaí Teicniúla an Aontais don Idir-Inoibritheacht, agus trí rialachán ECC agus sonraíochtaí an Chláir Feithiclí a ailíniú le rialacháin cur chun feidhme an Aontais faoi seach agus tá siad ina gceangal ar an Aontas.

---

14 Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis an tsábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102)

15 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/778 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 i dtaca le Bainistiú Rialaithe Athruithe (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 356)

16 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64

17 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh bheartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is le hiompar d'iarnród a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) i ndáil le modhnuithe a ghlacadh ar na STAnna maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, ar na STAnna maidir le rothstoc – vaigíní lastais, ar na STAnna maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus i ndáil leis na STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, agus i ndáil leis na STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais, agus i ndáil leis na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na STAnna maidir le FTL a thabhairt cothrom le dáta, agus i ndáil le hathbhreithniú ar ATMF i dtaca le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[18].

(2) Tá na Ballstáit uile seachas an Chipir agus Málta ina bpáirtithe in COTIF.

(3) De bhun Airteagal 13(1) (f) de COTIF, bunaíodh Coiste Saineolaithe Teicniúla ('CTE') na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF).

(4) De bhun Airteagal 20(1) (b) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Fhoscríbhinn F (APTU), tá an inniúlacht ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla maidir leis na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (STAnna) a ghlacadh nó a leasú, *inter alia*, maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí (STAnna maidir le LOC&PAS), le vaigíní lastais (STAnna maidir le Vaigíní), le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (STAnna maidir le PRM), maidir leis na doiciméid theicniúla dá dtagraítear i bhFoscríbhinn I maidir le feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta (STAnna maidir le FTL), agus maidir leis na Saintreoracha

[18] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1)

Aonfhoirmeacha Teicniúla is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh agus leis na Saintreoracha Aonfhoirmeacha Teicniúla is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais.

(5) Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 15 (2) de ATMF, tá an inniúlacht ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla maidir le hathbhreithniú ar ATMF a mholadh i dtaca le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna).

(6) Chuir an Coiste Saineolaithe Teicniúla sa chlár dá 13ú seisiún a bheidh ar siúl an 22 Meitheamh 2021 togra le haghaidh cinntí chun leasú a dhéanamh ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc – vaigíní lastais, ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus le haghaidh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a ghlacadh is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh agus le haghaidh na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a ghlacadh is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais, le haghaidh tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht maidir le Feidhmchláir Teileamaitice do Lasta, a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha FTL, a thabhairt cothrom le dáta, agus le haghaidh athbhreithniú ar ATMF i dtaca leis na hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna).

(7) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Saineolaithe Teicniúla agus, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar ATMF, i gCoiste Athbhreithnithe OTIF, mar beidh na cinntí atá beartaithe ceangailteach ar an Aontas.

(8) Is éard is cuspóirí do na cinntí sin na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc – vaigíní lastais, na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún[19] agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún[20] faoi seach, na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha nua is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, agus na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha nua is infheidhme maidir le bonneagar fochórais, a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773[21] ón gCoimisiún agus

[19] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1302/2014 agus (AE) 2016/919 i dtaca leis an limistéar úsáide a leathnú agus leis na céimeanna aistrithe (IO L 73, 10.3.2020, lch. 6)

[20] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 i dtaca le fardal na sócmhainní d'fhonn bacainní ar inrochtaineacht a shainaithint, faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 1)

[21] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 5)

Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún[22] arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776[23] agus athbhreithniú ar ATMF, i dtaca le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna), a mholadh do Choiste Athbhreithnithe OTIF chun é a ailíniú le Treoir (AE) 2016/798[24].

(9) Tá na cinntí atá beartaithe i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais toisc go gcuireann siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais, agus ar an ábhar sin ba cheart don Aontas tacú leo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980 i ndáil leis na modhnuithe ar na STAnna maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, ar na STAnna maidir le vaigíní lastais, ar na STAnna maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, i ndáil leis na STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh agus i ndáil leis na STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais, agus i ndáil leis na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le STA maidir le FTL a thabhairt cothrom le dáta, agus i ndáil leis an athbhreithniú ar ATMF i dtaca le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna):

(1) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla ar na Saintreoracha Aonfhoirmeacha Teicniúla maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal iarscríbhinn TECH-20041-CTE13-UTP LOC PAS agus i gcinneadh TECH-20041 LOC PAS;

(2) vótáil i bhfabhar na leasaithe atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc – vaigíní lastais, mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal dréachtleasuithe TECH-20042-CTE13 agus i gCinneadh TECH-20042 WAG;

(3) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal dréachtleasuithe CTE TECH-20043-CTE UTP PRM agus i gCinneadh TECH-20043 PRM;

---

22 Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'bonneagair' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 1)

23 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE i dtaca le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 108)

24 Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis an tsábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102)

(4) vótáil i bhfabhar STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla agus atá le fáil i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal CTE TECH-20039 UTP TCRC agus i gcinneadh TECH-20039 TCRC;

(5) vótáil i bhfabhar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais a ghlacadh, a mhol an Coiste Saineolaithe Teicniúla mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal dréacht leasuithe TECH-20040-UTP INF agus i gcinneadh TECH-20040 INF;

(6) vótáil i bhfabhar thogra an Choiste Saineolaithe Teicniúla na tagairtí do Dhoiciméid Theicniúla sna STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na STAnna maidir le FTL a thabhairt cothrom le dáta, mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal TECH-21009-CTE agus i gcinneadh FTL UTP.

(7) vótáil i bhfabhar athbhreithniú ar ATMF a mhéid a bhaineann le hEintitis a bhfuil Cothabháil Faoina gCúram (ECCanna), mar atá i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal Cinneadh TECH-20045 ATMF;

Airteagal 2

A luaithe a ghlacfar na cinntí ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus áirítear leis sin dáta a dteacht i bhfeidhm a lua.

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán